



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta  
2005*

# Gaeilge Ardleibhéal

---

Páipéar 1

170 MARC

---

Déardaoin, 9 Meitheamh  
Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20

---

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

---

## **FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS CEIST 2 (*leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

---

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B, C nó D** anseo thíos.

Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.

**A**

–AISTE–

100 marc

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

- (a) An scoil agus an dalta: ní í gcónaí a bhíonn dea-chaidreamh eatarthu inniu.
- (b) Is mór an oscailt súl don duine é an taisteal.
- (c) Idéil na gCluichí Oilimpeacha – scamall orthu inniu faraoir.

**B**

–SCÉAL–

100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) *Is ina dhiaidh a thuigtear gach beart.*
- (b) Bród.

**C**

–ALT NUACHTÁIN/IRISE–

100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Léigh tú alt i nuachtán áitiúil le déanaí ó pholaiteoir inar ionsaigh sé teifigh atá ag cur fúthu i do cheantar féin. Chuir an t-alt sin fearg ort. Scríobh an freagra a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin ar an ábhar sin.
- (b) Tháinig an príomhoifigeach ar eagraíocht idirnáisiúnta carthanachta ar cuairt chuig do scoil le déanaí. Iarradh ortsa agallamh a chur air. Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d’iris na scoile.

**D**

–DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID–

100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfaí i ndíospóireacht scoile ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas: “Tá an tír seo ag titim as a chéile agus níl faic na fríde á dhéanamh ag ár bpolaiteoirí faoi”.
- (b) Is Cathaoirleach tú ar Raidió Áitiúil in Éirinn. Iarradh ort labhairt mar aoi-chainteoir ag Craobhchomórtas Náisiúnta Díospóireachta faoi ról an raidió áitiúil i saol an phobail. Scríobh *an óráid* a thabharfaí ann.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar leathanaigh 4(thíos) agus 5(thall) agus **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

### A –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*  
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

### BEAN UASAL NA SAOIRSE

1 Athosclaíodh Dealbh na Saoirse i mbá Manhattan tamall ó shin i ndiaidh di bheith dúnta ón lá cinniúnach úd, an 11ú Meán Fomhair 2001, nuair a leagadh túir Ionad Trádála an Domhain i ndeisceart chathair Nua Eabhrac, achar an-ghearr ón dealbh í féin. Ar an lá scéiniúil sin d'éitil an dá eitleán fuadaithe go híseal os cionn Dealbh na Saoirse sular réab siad an dá thúr as a chéile agus d'fhág 3,000 duine ar lár. Cuireadh córas dianslándála i bhfeidhm ar fud na Stát Aontaithe i ndiaidh an tsléachta, go háirithe ar shéadchomharthaí poiblí, agus dá bharr sin, cinneadh ar chosc iomlán a chur le cuairteoirí dul isteach ar Oileán na Saoirse, áit a bhfuil an dealbh suite.

2 Ócáid an-chiúin, áfach, a bhí san athoscailt i gcomparáid lena chéadoscailt ar an 4ú Iúil 1886. Ar an lá sin chonaic breis agus milliún de chathróirí Nua Eabhrac, a bhí cruinnithe ina sluaite feadh chladach Manhattan, ollbhratach na Fraince á tarraingt anuas de dhealbh mná a bhí ina seasamh 300 troigh os cionn na farraige. Mar, rud nach dtugtar chun cuimhne mórán sa lá atá inniu ann, bronnantas ab ea an oildhealbh sin ó phoblacht nua dhaonlathach na Fraince do mhuintir na Stát Aontaithe. Ag an am sin bhí poblacht nua na Fraince, a bunaíodh i ndiaidh tréimhse fhada ríochta agus impireachta, sé bliana déag ar an saol. Ba iad idéil dhaonlathacha Mheiriceá a spreag agus a threoraigh polaiteoirí na Fraince agus ba chomhartha é ar mhéad a mbuíochais agus a n-ómóis do na Meiriceánaigh bronnantas chomh hollásach leis a thabhairt dóibh.

3 Rud nach dtarlaíonn ach uair amháin feadh na gcianta fada de stair tíre ab ea leithéid chéadoscailt Dhealbh na Saoirse sa bhliain 1886. Agus nuair a réab ollghártha mhuintir Nua Eabhrac an spéir ghorm os a gcionn ar an ócáid stairiúil sin, cé a thógfadh orthu é má chreid a bhformhór go raibh bandia cumhdaitheach, doscriosta anois acu a chosnódh a muirbhealach luachmhar isteach go dtí dugaí na cathrach. Ach, mo léan, ba í íoróin shearbh na staire nárbh ón bhfarraige a thitfeadh na buillí

marfacha orthu lá ab fhaide anonn a leagfadh ar lár iontais ailtireachta a seacht n-oiread níos suntasaí ná Dealbh na Saoirse agus trí mhíle dá sliocht chomh maith leo.



4 Thug cruthaitheoir Dhealbh na Saoirse, Frederic Auguste Bartholdi, “An tSaoirse ag soiliú an Domhain” ar a ollsaothar dealbhadóireachta mar ba í Meiriceá tobar na saoirse ag am a raibh iliomad ríthe agus impirí ollsmachtacha i réim ar fud na hEorpa. Ba é sin an fáth a shamlaigh Bartholdi a dhealbh mar bhandia na saoirse ag stánadh go dúshlánach roimpi i dtreo na hEorpa, tóirse na saoirse ardaithe ina láimh dheas. Ag a cosa leag sé slabhraí briste na sclábhaíochta. D’fhág sé cos léi ardaithe amhail is dá mbeadh sí ar tí tús a chur go bródúil lena turas buacach ag iompar solas na saoirse ar fud na cruinne. Ach, dá chumhachtaí a shamhlaíocht, ní fhéadfadh Bartholdi a shamhlú an t-ardú meanman agus an dóchas a ghinfi i gceithe na sluaite dearóile a d’fheicfeadh a dhealbh den chéad uair agus iad á dtreorú isteach ar oileán Ellis tar éis dóibh teitheadh ó chruatan agus ó ghéarleanúint ina dtíortha féin.

# Ceist 2 ar leanúint

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** (ar leanúint) anseo thíos agus **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

### A ar leanúint

35 mharc

5 I mí Márta 2003 d'ionsaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá an Iaráic mar chuid dá bheartas in aghaidh na sceimhlitheoireachta idirnáisiunta. Ag am sin na cinniúna don tsíocháin dhomhanda ba é Dominic de Villepain, Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince, ba ghéire a labhair i gcoinne bheartais Mheiriceá os comhair na Náisiún Aontaithe. In ala iompú boise cuireadh deireadh le céad bliain de chairdeas agus de chomhoibriú idir an Fhrainc agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Arbh aon iontas é, dá bhrí sin, nach leomhfadh Méara Nua Eabhraic ar ócáid athoscailt Dhealbh na Saoirse an aithris is lú a dhéanamh ar fhocail a chomh-mhéara céad beag bliain roimhe sin? Leacht cuimhneacháin de dhéantús an naois déag ar “Ré an tSolais” ar cuireadh tús léi sa Fhrainc dhá chéad bliain roimhe sin is ea Dealbh na Saoirse. Anois ag am a hathoscailte cén leacht a bheidh mar chuimhneachán ar an ré nua atá ag gealadh don domhan?



Bunaithe ar alt san *Irish Times*

### Ceisteanna

- 1 (a) Cad a tharla ar an “lá cinniúnach” a bhfuil tagairt dó sa chéad alt? (4 mharc)  
(b) Cén rud ar cinneadh air faoi Dhealbh na Saoirse de bharr imeachtaí an lae sin, de réir an ailt chéanna? (3 mharc)
2. (a) Cén bhaint a bhí ag an bhFrainc le Dealbh na Saoirse de réir an dara halt? (4 mharc)  
(b) Cén tábhacht, i gcás na Fraince de, a luaitear le “idéil dhaonlathacha” Mheiriceá san alt céanna? (3 mharc)
3. (a) Cén ceangal a dhéantar idir dearcadh mhuintir Nua Eabhraic ar “a muirbhealach luachmhar” agus Dealbh na Saoirse, de réir an tríú halt? (4 mharc)  
(b) Cérbh í “íoróin shearbh na staire”, de réir an ailt chéanna? (3 mharc)
4. (a) Cén dearcadh a bhí ag Bertholdí, cruthaitheoir Dhealbh na Saoirse, ar an Eoraip, de réir an cheathrú halt? (4 mharc)  
(b) Cén rud nach bhféadfadh Bertholdí a shamhlú faoina dhealbh, de réir an ailt chéanna? (3 mharc)
5. (a) Cén seasamh a ghlac an Fhrainc ar ionsaí Na Stát Aontaithe ar an Iaráic sa bhliain 2003, de réir an chúigiú halt? (4 mharc)  
(b) Cén “ré nua”, dar leat, atá i gceist san alt céanna? (3 mharc)

### B –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*  
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

## NA BUACHAILLÍ GOOGLE

- 1 Bhí atmaisféar an charnabhail le brath ag oscailt cheanncheathrú Eorpach Google i mBaile Átha Cliath le déanaí toisc go raibh an bheirt fhear óg a bhunaigh an comhlacht le teacht os comhair an tslua beo beathach. Is mó is cosúil le réaltaí rock ná le fir ghnó an bheirt seo, Sergey Brin agus Larry Page, a chruthaigh an t-ineall cuardaigh idirlín, Google, agus a bhunaigh comhlacht príobháideach ar fiú breis agus 37 billiún dollar é sa lá atá inniu ann. Éacht miorúilteach cinnte don bheirt a thréig Ollscoil Stanford, áit a raibh cúrsa dochtúireachta á dhéanamh acu sa mhatamaitic, agus a chuaigh i mbun taighde féachaint an bhféadfaí an mhatamaitic teoriciúil a ionramháil chun áis scagtha eolais a chruthú. Ba é Google toradh a gcuid taighde.
- 2 De bhunadh Rúiseach é Sergey Brin, mac le matamaiticeoir Rúiseach, ar éirigh leis dul go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 1979. Meiriceánach é Larry Page ar saineolaí é a athair ar eolaíocht ríomhairí. Níorbh é an grá don mhatamaitic amháin a shnaidhm dlúthchairdeas idir an bheirt seo a bhí chomh difriúil sin le chéile ó thaobh bunaidh agus cultúir de. D'aithin siad go luath go raibh an tuiscint óigeanta chéanna ar ghreann acu, ach thairis sin, go raibh tuiscint ghéar acu ar bhua intleachta an duine dhaonna agus mar a bheadh dúil an bhuacalla óig iontu araon an bua sin a cheiliúradh trí mhéan na matamaitice agus na heolaíochta. Nuair a thosaigh siad ar an taighde matamaitice agus eolaíochta ar tháinig Google de tamall garr ina dhiaidh sin, thug siad faoi deara go raibh buanna difriúla acu a d'fhéadfadh comhlánú a dhéanamh ar a chéile dá mbeidís i mbun gnó le chéile. Bhí an ceart ar fad acu. Ba é Sergey, atá thar a bheith cuideachtúil, a chuaigh i mbun margántaíochta dá gcomhlacht nua fad is a d'fhan Larry, a bhfuil cumas scanrúil sa mhatamaitic aige, sa tsaotharlann ag iarraidh feabhas a chur ar an táirge iontach ríomhaireachta a bhí cruthaithe acu.
- 3 Nuair a bhí ag éirí thar barr leis an gcomhlacht nua Google a bhunaigh siad, moladh dóibh é a lainseáil ar

an stocmhargadh. Thoiligh an bheirt é seo a dhéanamh ach láithreach bhí sé ina spairn idir iad agus stocbhrócaeirí móra Wall Street. Theastaigh uathusan go ndíolfaí an stoc leis na bainc mhóra infheistíochta. Dhiúltaigh Sergey agus Larry glan dóibh agus d'fhógair siad go mbeadh an chéad cheant (díolachán) idirlín riamh á eagrú acu le seans a thabhairt do ghnáthdhaoine sciar den stoc a cheannach. Le fírinne, níor éirigh go rómhaith leis an gceant mar go raibh daoine amhrasach faoi, ach cúitíodh a gcinneadh leis an mbeirt nuair a tháinig éileamh thar na bearta ar an stoc tamall garr ina dhiaidh sin.



- 4 Cé gur chuir díol an stoic saibhreas as cuimse ar fáil dóibh, is prionsabal daingean é ag Sergey agus Larry gan a gcuid saibhris a chaitheamh go feiceálach. Ina saol oibre laethúil, dá bhrí sin, is cairr de dhéanamh simplí a thiomáineann siad agus is annamh a d'fheicfí iad ar ócáidí poiblí gan bróga reatha orthu mar thionlacan lena gcultacha galánta! Dar le daoine a bhfuil sáraithe acu orthu, is léiriú é an chaoi a gcaitheann siad a gcuid airgid agus an chaoi a dtagann siad os comhair an phobail ar an tuiscint dhoimhin atá acu ar na mothúcháin dhiúltacha a spreagann an saol rachmasach sa ghnáthdhuine. Agus is riléir gur chabhraigh cur i bhfeidhm an phrionsabail seo le dul chun cinn miorúilteach a gcomhlachta.

# Ceist 2 ar leanúint

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** (ar leanúint) anseo thíos.

### B ar leanúint

5 Le déanaí, áfach, tá athrú mór tugtha faoi deara ar iompar poiblí na beirte. Is annamh anois a fheictear iad ar sheóanna cainte teilifíse agus is annamh fós é preasagallamh á thabhairt acu do lucht nuachtán agus irisí ag a bhféadfaí ceisteanna a chur orthu. Chomh maith leis sin, tá sé tugtha faoi deara go mbíonn an greann agus geáitsíocht an bhuachalla óig, a chleachtaidís riamh, ar lár nuair a thagann siad os comhair an phobail anois. Is é an míniú coitianta a thugtar air seo ná go bhféadfadh an rud, a déarfaidís le greann, drochthionchar a bheith aige ar dhíol agus ar cheannach stoc an chomhlachta. D'fhéadfaí a shamlú nach dtaitneodh an saol teanntaithe seo leo beag ná mór. Dá mb'fhíor é sin, bheadh praghas an-ard le híoc ag “na buachaillí Google”, mar a thugtar orthu sna hirísí ceirde, ar an rathúnas a thuill siad lena n-ardéirim, lena stuaim agus leis an deighleáil dhaonna a dhealaigh riamh iad ón gcoitiantacht.



Bunaithe ar alt san *Irish Times*

1. (a) Cén fáth a raibh atmaisféar an chnabhair le brath ag oscailt cheanncheathrú Google i mBaile Átha Cliath, de réir an chéad ailt? (4 mharc)
- (b) Cén t-éacht atá luaite le Sergey Brin agus le Larry Page san alt céanna? (3 mharc)
2. (a) Cén dúil a bhí ag Sergey agus Brin araon a bhfuil tagairt di sa dara halt? (4 mharc)
- (b) I gcás **duine amháin** den bheirt, luaigh an cúram gnó a thóg sé air féin, de réir an ailt chéanna, agus an fáth ar thóg sé an cúram sin air féin? (3 mharc)
3. (a) Cén fáth a raibh sé ina spairn idir Sergey agus Larry agus stocbhrócaeirí Wall Street, de réir an tríú halt? (4 mharc)
- (b) Cén fáth nár éirigh go rómhaith leis an gceant idirlín, de réir an ailt chéanna? (3 mharc)
4. (a) Cén tionchar a bhíonn ag an “prionsabal daingean”, a bhfuil tagairt dó sa cheathrú halt, ar shaol laethúil Sergey agus Larry? (4 mharc)
- (b) Cén tuiscint, de réir an ailt chéanna, a léiríonn an bheirt seo ar mheon an ghnáthdhuine.? (3 mharc)
5. (a) Cén t-athrú ar iompar na beirte atá luaite sa chúigiú halt? (4 mharc)
- (b) Cén “praghas ard”, i gcás na beirte, atá i gceist san alt céanna? (3 mharc)

# Leathanach Bán